
# Sneachta



Bhí sé an-fhuar Dé Luain seo caite. Um thráthnóna thosaigh na **calóga bána** ag titim. Bhí sé **ag cur sneachta** ar feadh na hoíche. An mhaidin ina dhiaidh sin bhí an tír ar fad bán. Bhí sneachta ar na cnoic, ar na páirceanna, ar na gairdíní, ar na bóithre agus ar na tithe. Bhí áthas an domhain ar na páistí. Chuir siad cótaí agus lámhainní orthu agus amach leo ag súgradh. Rinne siad fear sneachta. Rinne Liam an ceann agus an corp. Rinne Úna na súile, na cluasa agus an tsrón. Chuir Nuala hata ar a cheann agus scairf timpeall ar a mhuineál. Ansin bhí spórt acu ag caitheamh **liathróidí sneachta** lena chéile. Chonaic Úna go raibh na héin ag lorg bia i ngach áit agus thug sí arán dóibh. Cúpla lá ina dhiaidh sin bhí an sneachta **leáite.** Bhí **díomá** ar Nuala.

**Foclóir:**

**calóga,** flakes
**lámhainní,** gloves
**corp,** body
**ag lorg,** seeking
**leáite,** melted

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cén fáth a raibh áthas an domhain ar na páistí?
   — mar bhí an Nollaig ann.
   — mar fuair siad airgead.
   — mar bhí sneachta ann.
2. Cad a thug Úna do na héin?
   — milseáin.
   — prátaí.
   — arán.
3. Cén fáth a raibh díomá ar Nuala?
   — mar chaith sí a cuid airgid.
   — mar bhí an sneachta leáite.
   — mar bhris sí an fhuinneog.

**B. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:**

1. Bhí sé an-fhuar — — — — .
2. Bhí sé ag cur sneachta — — — — .
3. Rinne Liam an ceann agus — — .
4. Ansin bhí spórt acu ag caitheamh liathróidí — — — .

**C. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:**

1. Dé Luain seo caite.
2. Bhí an tír ar fad bán.
3. Chuir siad cótaí agus lámhainní orthu.
4. Chuir sí hata ar a cheann.
5. Thug sí arán do na héin.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cad a tharla ar feadh na hoíche?
2. Cá raibh an sneachta le feiceáil?
3. Cén fáth ar chuir na páistí hataí agus lámhainní orthu?
4. Céard a rinne Úna?
5. Cén spórt a bhí ag na páistí?
6. Cad a tharla don sneachta tar éis cúpla lá?

**Gramadach 15**

1. Bhí sé ag cur sneachta **ar feadh na hoíche.**
   ar feadh(an lá), ar feadh(an bhliain), ar feadh(tamall).

2. **Scríobh iolra na bhfocal seo a leanas:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| an chalóg | na calóga | an liathróid | na – |
| an ceann | na – | an cóta | na – |
| an fear | na – | an bóthar | na – |

3. **Briathra :**
   (a) **Bhí** sé an-fhuar **Dé Luain seo caite.**
   (anois, gach lá, amárach.)
   (b) **Thosaigh** na calóga bána ag titim inné.
   (ar ?, níor).